C/2025/4547

12.8.2025

Fógra achomair maidir le grinn-imscrúdú a thionscnamh i gcás FS.100156 – ABU DHABI NATIONAL OIL COMPANY (ADNOC) P.J.S.C. / COVESTRO de bhun Airteagal 10(3)(d) de Rialachán (AE) 2022/2560

(C/2025/4547)

An 28 Iúil 2025, i gcomhréir le hAirteagal 10(3) de Rialachán (AE) 2022/2560 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) (an 'Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha' nó 'RFE'), chinn an Coimisiún grinn-imscrúdú a thionscnamh sa chás thuasluaite tar éis dó teacht ar thásca leordhóthanacha, bunaithe ar réamh-athbhreithniú, go bhféadfadh sé gur deonaíodh fóirdheontas eachtrach lena saobhtar an margadh inmheánach do cheann amháin ar a laghad de na páirtithe sa chomhchruinniú ar tugadh fógra ina leith agus a dtugtar tuairisc air thíos. Tionscnamh an ghrinn-imscrúdaithe maidir leis an gcomhchruinniú ar tugadh fógra ina leith, tá sé gan dochar don chinneadh críochnaitheach sa chás seo.

1. An comhchruinniú ar tugadh fógra ina leith

An 15 Bealtaine 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 21 RFE, trína bhfaigheann Abu Dhabi National Oil Company (ADNOC) P.J.S.C. (Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha) ('ADNOC' nó 'an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige') de réir bhrí Airteagal 20(1), pointe (b), RFE, rialú aonair ar Covestro AG ('Covestro' nó 'an Spriocghnóthas', agus in éineacht leis an bPáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige, na 'Páirtithe').

Seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na bpáirtithe sa chomhchruinniú ar tugadh fógra ina leith:

— Is táirgeoir ola agus gáis faoi rialú an Stáit é ADNOC atá lonnaithe in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha;

— Is táirgeoir ceimiceán Eorpach é Covestro atá lonnaithe sa Ghearmáin.

2. Tásca maidir le fóirdheontais eachtracha a bheith ann

Ar bhonn na faisnéise atá ar fáil don Choimisiún ag an gcéim seo, measann sé go bhfuil tásca leordhóthanacha ann go bhféadfadh na Páirtithe na fóirdheontais eachtracha a leanas a fháil de réir bhrí Airteagal 3 RFE:

— Ráthaíocht neamhtheoranta, arna deonú ag Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, a eascraíonn go háirithe as díolúine ADNOC ó Dhlíthe Féimheachta Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha is infheidhme, mar a achtaíodh sna 3 bliana roimh fhógairt na tairisceana poiblí. I bprionsabal, d'fhéadfadh an ráthaíocht neamhtheoranta a chur ar a chumas do ADNOC téarmaí níos fabhraí a fháil ina chaibidlíocht le tríú páirtithe, go háirithe le hinstitiúidí airgeadais.

— Méadú ar chaipiteal Covestro, a raibh ADNOC le gealltanas a thabhairt ina leith i gComhaontú, a tugadh i gcrích mar chuid den phróiseas éadála agus, dá bhrí sin, sna 3 bliana roimh fhógairt na tairisceana poiblí. Tá tásca leordhóthanacha ann go bhféadfadh sé nár tharla an méadú caipitil ar théarmaí an mhargaidh. Beart aonair a bheadh sa mhéadú caipitil, agus, dá bhrí sin, ní bhainfeadh sé ach le Covestro.

— Ar deireadh, i réamh-athbhreithniú an Choimisiúin aithníodh ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha eile a bhféadfaí a cháiliú mar fhóirdheontais eachtracha do ADNOC, a ndéanfaidh an Coimisiún tuilleadh imscrúdaithe orthu le linn an ghrinn-imscrúdaithe.

3. Tásca maidir le saobhadh sa mhargadh inmheánach

Ar bhonn na faisnéise atá ar fáil don Choimisiún ag an gcéim seo, réamh-mheasann sé go mbaineann an comhchruinniú ar tugadh fógra ina leith le fóirdheontais eachtracha is mó ar dócha dóibh an margadh inmheánach a shaobhadh, de réir bhrí Airteagal 5 RFE.

Go háirithe, réamh-mheasann an Coimisiún go dtagann ráthaíocht neamhtheoranta faoi raon feidhme Airteagal 5(1)(b) RFE, agus, dá bhrí sin, gur mó is dócha di an margadh inmheánach a shaobhadh, de réir bhrí RFE.

([1]) Rialachán (AE) 2022/2560 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le fóirdheontais eachtracha lena saobhtar an margadh inmheánach (IO L 330, 23.12.2022, lch. 1).

Ina theannta sin, réamh-mheasann an Coimisiún go bhfuil tásca leordhóthanacha ann go n-éascaíonn an méadú ar chaipiteal an comhchruinniú go díreach de réir bhrí Airteagal 5(1)(d) RFE agus, dá bhrí sin, gur mó is dócha dó an margadh inmheánach a shaobhadh, de réir bhrí RFE.

Ar bhonn na faisnéise atá ar fáil don Choimisiún ag an gcéim seo, measann sé freisin go bhfuil tásca leordhóthanacha ann go bhféadfadh na fóirdheontais eachtracha a réamh-shainaithnítear i Roinn 2 feabhas a chur ar staid iomaíoch na bPáirtithe sa mhargadh inmheánach agus, ar an gcaoi sin, difear diúltach iarbhír nó féideartha a dhéanamh don iomaíocht sa mhargadh inmheánach de réir bhrí Airteagal 4 RFE, mar a leanas.

D'fhéadfadh sé gur chuir na fóirdheontais eachtracha a sainaithníodh feabhas ar staid iomaíoch ADNOC sa phróiseas éadála. Sa ghrinn-imscrúdú, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú breise i dtaobh an raibh éifeachtaí diúltacha iarbhír nó féideartha ag na fóirdheontais eachtracha sin ar an bpróiseas éadála, trí thoradh an phróisis éadála a athrú. Go háirithe, ós rud é gur cuideachta é Covestro atá liostaithe go poiblí, déanfaidh an Coimisiún imscrúdú ar luacháil fhéideartha Covestro ag ADNOC, nach bhfuil i gcomhréir le dálaí an mhargaidh, agus an bhféadfadh an luacháil sin páirtithe eile a bhfuil leas acu in éadáil an Spriocghnóthais a dhíspreagadh go hiarbhír nó go féideartha, agus/nó an mbeadh ADNOC in ann an éadáil a dhéanamh faoi na coinníollacha céanna, in éagmais na bhfóirdheontas eachtrach a sainaithníodh.

Ina theannta sin, measann an Coimisiún go bhféadfadh fóirdheontais eachtracha áirithe, agus go háirithe an ráthaíocht neamhtheoranta do ADNOC agus an méadú caipitil, staid iomaíoch an eintitis chomhcheangailte a fheabhsú i ndiaidh an chomhchruinnithe, trína cheadú dó a ghníomhaíochtaí AE a mhaoiniú ar théarmaí fabhracha agus trí straitéisí infheistíochta a oiriúnú i gcás nach gcomhlíonann siad ceanglais an mhargaidh. Sa ghrinn-imscrúdú, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú breise i dtaobh an gcuirfidh na fóirdheontais eachtracha sa chomhchruinniú ar a chumas don eintiteas comhcheangailte straitéisí infheistíochta a ghlacadh a mbeadh tionchar acu ar dhálaí iomaíocha sa mhargadh inmheánach.

4. **Conclúidí**

Ar na cúiseanna a luaitear thuas agus ar bhonn na faisnéise atá ar fáil don Choimisiún ag an gcéim seo, measann sé go bhfuil tásca leordhóthanacha ann gur deonaíodh na fóirdheontais eachtracha a shainaithnítear i Roinn 2 do ADNOC agus Covestro, fóirdheontais a dhéanann saobhadh iarbhír nó féideartha ar an margadh inmheánach mar a léirítear i Roinn 3 agus, dá bhrí sin, tá cinneadh déanta aige grinn-imscrúdú a thionscnamh i gcomhréir le hAirteagal 10(3) RFE.

5. **Cuireadh chun barúlacha a chur isteach**

I gcomhréir le hAirteagail 10(3)(d) agus 40(1) RFE agus le hAirteagal 8(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1441 ón gCoimisiún ([2]) (an 'Rialachán Cur Chun Feidhme maidir le Fóirdheontais Eachtracha'), iarrann an Coimisiún ar aon duine nádúrtha nó dlítheanach, Ballstát agus tríú tír a dheonaigh na fóirdheontais eachtracha a shainaithnítear i Roinn 2 a mbarúlacha a chur isteach. I gcomhréir le hAirteagal 8(3) den Rialachán Cur Chun Feidhme maidir le Fóirdheontais Eachtracha, i gcás ina mbeidh faisnéis rúnda sna barúlacha i scríbhinn a cuireadh isteach, soláthróidh an duine a bhfuil aighneacht á cur isteach aige leagan neamhrúnda den aighneacht an tráth céanna leis an leagan rúnda.

I gcásanna a bhfuil údar cuí leo, féadfaidh soláthraithe barúlacha a iarraidh nach nochtfar a gcéannacht. Deonófar anaithnideacht ar bhonn cúis mhaith fhollasach a léirítear san iarraidh.

Chun go gcuirfear barúlacha san áireamh go hiomlán mar chuid den nós imeachta, ba cheart na barúlacha sin a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá oibre tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún trí ríomhphost chuig COMP-FSR-REGISTRY@ec.europa.eu, agus an tagairt FS.100156 leis.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1441 ón gCoimisiún an 10 Iúil 2023 maidir le socruithe mionsonraithe i dtaca leis an gCoimisiún imeachtaí a sheoladh de bhun Rialachán (AE) 2022/2560 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le fóirdheontais eachtracha lena saobhtar an margadh inmheánach (IO L 177, 12.7.2023, lch. 1).